Gníomhaíocht OSIE – Eolaíocht

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sóisearach, lá 3. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Eolaíochta le haghaidh grúpaí ranga sna Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon.

Teachtaireacht an Fhíseáin:

Tá bealaí éasca ann le torthaí agus glasraí a fhás sa bhaile – agus bíonn an-spraoi ag baint leis!

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSIE > Eolaíocht > Dúile beo > Plandaí agus ainmhithe

OSIE > Eolaíocht > Ag obair go heolaíoch

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✔ A bheith ag obair go heolaíoch: ag cur ceisteanna, ag breathnú, ag tuar, ag imscrúdú, ag tástáil, agus ag taifeadadh
- ✔ Codanna seachtracha dúl beo a aithint agus a ainmniú
- ✔ Fás agus athrú a thabhairt faoi deara i roinnt áirithe dúl beo
- ✔ Na tosca le haghaidh fáis bhleibíní agus síolta a iniúchadh

Treoirlínte don Mhúinteoir:

Ag teastáil:

- ✔ Potaí iógairt glana nó gabhdáin bheaga eile (1 do gach dalta, agus 4 cinn eile le haghaidh Chuid a Dó, thíos)
- ✔ Soláthairtí maisiúcháin, ar nós cárta daite agus pinn fheiltbhioracha
- ✔ Siosúr sábháilteachta
- ✔ Téip dhéthaobhach nó gliú
- ✔ Liathróidí olla cadáis
- ✔ Síolta biolair

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union

Dé Céadaoin | Lá a Trí

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon

Seachtain Food Dudes

Cuid a hAon – Cinn Biolair a Fhás

Modh:

(I gcás na ndaltaí sna Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, ullmhaigh céimeanna 1–3 ag ceann an ranga agus tabhair deis do na daltaí cabhrú leat ar a seal)

1. Tosaigh le pota iógairt glan amháin in aghaidh an dalta.
2. Iarr ar na daltaí an lipéad a bhaint den phota iógairt nó cabhraigh leis na daltaí níos óige trína dhéanamh roimh ré.
3. Iarr ar na daltaí píosa cárta dhaite a ghearradh atá sách mór le cur timpeall ar an bpota agus téip dhéthaobhach nó gliú a úsáid chun é a ghreamú taobh amuigh den phota.
4. Is féidir leis na daltaí aghaidh a tharraingt ar an bpota le pinn fheiltbhioracha agus/nó é a mhaisiú ar bhealach ildaite cruthaitheach.
5. Iarr ar na daltaí cúpla liathróid olla cadáis a fhliuchadh agus an t-uisce breise a fháisceadh astu. Ba cheart dóibh na liathróidí olla a chur sa phota go dtí go mbeidh sé trí cheathrú lán.
6. Ba cheart do na daltaí síolta biolair a chroitheadh ar an olann chadáis agus iad a bhrú síos go réidh.
7. Cuir na potaí líonta in áit thirim ghrianmhar, ar nós leac na fuinneoige sa seomra ranga, agus breathnaígí ar an mbiolar ag fás as seo go ceann seacht lá!
8. Úsáid an tréimhse sin mar dheis chun na páirteanna difriúla de phlanda an bhiolair a thaispeáint do na daltaí agus a n-ainmneacha a mhúineadh dóibh (féach ar an léaráid thíos).
9. Nuair atá an biolar tar éis fás sách mór, is féidir leis na daltaí a bpotaí a thabhairt abhaile leis an mbiolar a bhaint, a ní agus a ithe i gceapairí, anraith nó sailéid.



An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union

Dé Céadaoin | Lá a Trí

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon

Seachtain Food Dudes

Cuid a Dó – Breathnú ar an gCaoi a bhFásann Cinn Biolair

Modh:

1. Tóg na 4 phota fholmha agus déan céimeanna 1–4 thuas arís, agus ceithre lipéad ar na potaí: FLIUCH, TIRIM, GRIANMHAR, DORCHA.

2. Sa phota FLIUCH, cuir neart uisce ann go dtí go mbeidh sé leathlán. Cuir an olann chadáis agus an biolar ann. Cuir an pota in áit dhorcha, ar nós cófra, agus cinntigh go mbíonn an pota leathlán le huisce i rith na seachtaine.

3. Sa phota TIRIM, ná cuir aon uisce ann; ná cuir ach liathróidí olla cadáis tirime ann. Cuir na síolta biolair ann, agus leag ag an bhfuinneog é le go mbeidh an ghrian ag scalladh air. Ná cuir aon uisce air i rith na seachtaine.

4. Sa phota GRIANMHAR, ullmhaigh planda biolair mar atá i gCuid a hAon thuas, le píosa beag uisce agus leag ag an bhfuinneog é. Cuir píosa beag uisce air i rith na seachtaine má thosaíonn sé ag éirí róthirim.

5. Sa phota DORCHA, ná cuir aon uisce ann; cuir liathróidí olla cadáis tirime ann. Cuir na síolta biolair ann, agus cuir in áit dhorcha ar nós cófra é. Coinnigh dorcha agus tirim é an tseachtain ar fad.

6. Na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha – Priontáil nó tarraing an imlíne den chairt fáis biolair ar bhileog A2/A3 le gur féidir le gach duine oibriú uirthi le chéile agus taifeadadh a dhéanamh ar a dtuartha, a mbreathnuithe agus ar an méid a d'fhoghlaim siad.

7. Rang a hAon – Iarr ar na daltaí tuar a dhéanamh ar mar a gceapann siad go bhfásfaidh na síolta sna 4 phota, agus na tuartha sin a thaifeadadh ar an tábla thíos nó ina gcóipleabhair.

8. Iarr ar na daltaí breathnú ar na 4 phota go ceann cúpla lá agus an méid a fheiceann siad a thaifeadadh.

9. Ag deireadh na seachtaine, iarr ar na daltaí taifeadadh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad faoi na dálaí a theastaíonn le go bhfásfaidh plandaí, e.g. teastaíonn uisce ó phlandaí – ach ní an iomarca – agus solas ón ngrian, teas agus aer. Teastaíonn spás fáis ó roinnt plandaí freisin. Ag brath ar an speiceas, tá plandaí áirithe ann a dteastaíonn roinnt rudaí níos mó uathu le hais plandaí eile le go bhfásfaidh siad.

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union

Dé Céadaoin | Lá a Trí

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon

Seachtain Food Dudes

Cairt Fáis an Bhiolair

Dálaí Fáis An Chaoi a gCuirfear na Síolta	Tuaraim go mbeidh an planda...	Chonaic mé...
Uisce ar na síolta, fágtha in áit ghrianmhar 		
Uisce ar na síolta, fágtha in áit dhorcha 		
Fágtha in áit ghrianmhar, gan uisce		
Fágtha in áit dhorcha, gan uisce 		

D'fhoghlaim mé go dteastaíonn na rudaí seo a leanas ó phlandaí biolair le go bhfásfaidh siad go sláintiúil:

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

With financial support from the European Union